An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

## Miontuairiscí - Cruinniú 9 – 29 Meán Fómhair 2023

**LÁTHAIR:** Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

**DÁTA:** Dé hAoine, an 29 Meán Fómhair 2023

**AM:** 10:00 – 12:45

**I LÁTHAIR:**

| Ainm | Eagraíocht | Ról | Modh |
|---|---|---|---|
| An Dr. Aodhán Mac Cormaic | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán | Cathaoirleach | Ar an Láthair |
| Sandra Cairns (thar ceann Sinéad Coleman) | An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Howlin | An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | Comhalta | Ar an Láthair |
| An Ceannfort Seán Glynn | An Garda Síochána | Comhalta | Ar an Láthair |
| Breandán Mac Craith | Foras na Gaeilge | Comhalta | Ar an Láthair |
| John Prendergast | Pobail Ghaeltachta | Comhalta | Ar an Láthair |
| Mairéad Ní Ghabháin | Pobail Teanga lasmuigh den Ghaeltacht | Comhalta | Ar Chiancheangal |
| Niamh Kenny | An Roinn Coimirce Sóisialaí | Comhalta | Ar an Láthair |
| Emily Maloney | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Rúnaí | Ar an Láthair |
| Sadhbh Ó Cinnseala | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | Príomhoifigeach Gníomhach an Aonaid | Ar an Láthair |
| Máire Seó Breathnach | Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge | Ionadaí do Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge | Ar an Láthair (mír 4 amháin) |
| Éamonn DeBarra | Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan | Ionadaí do Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge | Ar an Láthair (mír 4 amháin) |
| Emmet Ó Fatharta | An Phríomh-Oifig Staidrimh | Ionadaí do Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge | Ar an Láthair (mír 4 amháin) |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Siobhán Seoighe | Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | Ionadaí do Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge | Ar an Láthair (mír 4 amháin) |

## IN EASNAMH LE LEITHSCÉAL:

- Ní raibh Eithne Fox, ionadaí ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus Mags Campbell, ionadaí na Roinne Oideachais, ábalta a bheith ag an gcruinniú.

## PRÍOMHCINNTÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin, an 30 Meitheamh 2023;
- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 27 Deireadh Fómhair 2023, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1;
- Aontaíodh go n-eagródh an Roinn cruinniú idir Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge agus an Dr. Kerron Ó Luain ionas go bhféadfadh siad a dtuairimí agus a moltaí a chur i láthair maidir le conas is fearr an reachtaíocht a chur i bhfeidhm go rathúil;
- Aontaíodh go mbeadh an Dr. Kerron Ó Luain ag an gcéad chruinniú eile den Choiste chun staid reatha an taighde don Phlean Náisiúnta a chur i láthair.

## PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

**1. Fáilte ón gCathaoirleach:**

- Cuireadh tús leis an gcruinniú le hoscailt ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic;
- Gabh sé leithscéal thar ceann Eithne Fox agus Mags Campbell araon nach raibh ábalta freastal ar an gcruinniú;
- Cuireadh fáilte faoi leith roimh Sandra Cairns a bhí ag seasamh isteach do Shinéad Coleman ag an gcruinniú.

**2. Miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin:**

- Aontaíodh miontuairiscí chruinniú an Choiste roimhe sin a tionóladh ar Aoine, an 30 Meitheamh 2023.

**3. Nithe atá tagtha chun cinn:**

**3.1. Alt 9A den Acht leasaithe:**

- Gabh an Cathaoirleach buíochas leis na comhaltaí as teimpléid na Roinne i leith an fhoráil úd a chomhlánú, agus d’iarr sé orthu siúd nár sheol ar ais é, é sin a dhéanamh gan mhoill;
- Labhraíodh faoi chonstaicí aonaracha eagraíochtaí na gcomhaltaí mar thoradh ar dhualgais bhreise na forála;
- Luadh go raibh deis ann feasacht a tharraingt ar chearta an phobail mar thoradh ar chur i bhfeidhm na forála seo.

3.2. **Róil Cumarsáide le Gaeilge:**

- Luadh go bhfuil comhráití ag dul ar aghaidh idir an Roinn agus Roinn an Taoisigh maidir leis an gcás gnó, agus go mbeifí ag lorg cead na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe don chomórtas gan mhoill.

3.3. **Scéim Taithí Oibre le Gaeilge:**

- Luadh go raibh comhráití le hionadaithe den Ionad Barr Feabhais maidir le scéim taithí oibre foirmiúil a bhunú do mhic léinn tríú leibhéal;
- Dúradh go mbeifí ag iarraidh an scéim a rolladh amach sna Ranna Rialtais ar dtús agus ansin ar na comhlachtaí poiblí níos leithne.

3.4. **Ócáid Higher Options:**

- Luadh go raibh "mhion-Ghaeltacht" curtha ar bun ag an aonach i mbliana, a bhí tiomnaithe do ghairmeacha le Gaeilge agus cúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge, agus go raibh sár-obair déanta ag an Irish Times feasacht a ardú ina leith.

3.5. **Scéim Phrintíseachta:**

- Luadh go bhfuil gealltanas tugtha sa Phlean Gníomhaíochta do Phrintíseacht 2021-2025 go ndéanfar printíseacht 'Speisialtóir Gaeilge' a fhorbairt ag leibhéal Oifigigh Feidhmiúcháin i R3 2025;
- Go bhfuiltear ag breathnú ar chúrsaí tríú leibhéal a fhorbairt faoin Tionscnamh Ardscileanna Gaeilge chun tacú le riachtanais teagaisc na scoláirí seo.

3.6. **Líonra Gaeilge:**

- Luadh go raibh cruinniú ag an aonad gnó le heagraíocht ar leith faoin gcás gnó a chuir siad faoina mbráid chun líonra Gaeilge a fhorbairt don earnáil phoiblí;
- Go raibh cúpla ceist faoin gcás gnó ach gur pléadh iad sin san idirthréimhse;
- Go bhfuiltear ag súil go bhfaighfear cás gnó críochnúil, mar aon leis na ceadanna inmheánacha cuí don líonra go luath;
- Go mbeidh seisiún eolais á reáchtáil ag Ollscoil Luimnigh dá cúrsa nua - An Chóitseáil Teanga san Ionad Oibre – ar Déardaoin, an 5 Deireadh Fómhair 2023, ag a mbeidh ionadaí ón Roinn i láthair.

3.7. **Seoladh Pacáiste COGG:**

- Luadh gur seoladh pacáiste *Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge* ag ócáid Options West i nGaillimh ar an 26 Meán Fómhair 2023 atá dírithe ar dhaoine óga agus múinteoirí gairmthreoracha.

## 4. Cur i Láthair - Cumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge:

- Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh ionadaithe ó Chumann na nOifigeach Forbartha Gaeilge a bhí i láthair chun a dtuairimí agus a moltaí a chur i láthair an Choiste maidir le conas is fearr an reachtaíocht a chur i bhfeidhm go rathúil;

- Tar éis an chur i láthair bhí seisiúin ceisteanna agus freagraí agus aontaíodh gurbh fhiú go mór don Dr. Kerron Ó Luain casadh leis an toscaireacht ó COFG i gcomhthéacs an taighde atá ar siúl aige don Phlean Náisiúnta;
- Aontaíodh go ndéanfadh an Roinn na socruithe sin.

5. **Forbairt an Phlean Náisiúnta:**
   - Luadh gur reáchtáil Ollscoil na Gaillimhe próiseas earcaíochta don dara Chomhalta Taighde le déanaí agus raibh an próiseas sin ag dul ar aghaidh faoi láthair;
   - Aontaíodh go ndéanfadh an fhoireann taighde cur i láthair arís don Choiste ag an gcéad chruinniú eile, ar an 27 Deireadh Fómhair 2023.

6. **Tráchtaireacht faoin gCoiste sna Meáin:**
   - Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
     - Alt dar dáta an 7 Iúil 2023 ar Tuairisc.ie maidir le sprioc 20% na reachtaíochta agus na deacrachtaí atá ann daoine le Gaeilge a earcú don Státseirbhís;
     - Alt dar dáta an 27 Iúil 2023 ar Tuairisc.ie maidir leis an obair atá ar bun ag an Roinn chun oifigigh cumarsáide le Gaeilge a earcú don earnáil phoiblí;
     - Alt dar dáta an 28 Iúil 2023 ar Tuairisc.ie maidir leis an obair atá ar bun ag an Roinn chun tuilleadh cúrsaí tríú leibhéal a fhorbairt trí Ghaeilge chun freastal ar an éileamh breise a bheidh ann chun daoine le Gaeilge a earcú don tseirbhís phoiblí amach anseo;
     - Alt dar dáta an 5 MF 2023 ar Tuairisc.ie maidir leis an "an easpa dul chun cinn" atá déanta i leith sprioc earcaíochta 20% na reachtaíochta, dar leis an Teachta Éamon Ó Cuív;
     - Ailt agus cláir éagsúla maidir le Higher Options agus sprioc earcaíochta 20% na reachtaíochta:
       - Éanna Ó Caollaí, Eagarthóir Gaeilge, Irish Times ar Adhmhaidin RTÉ RnG ar an 13 MF 2023;
       - Dar dáta an 14 MF 2023 ar an Irish Times;
       - Dar dáta an 18 MF 2023 ar an Irish Times;
       - Dar dáta an 19 MF 2023 ar an Irish Times;
       - Dar dáta an 19 MF 2023 ar an Irish times;
       - Dar dáta an 19 MF 2023 ar an Irish times – *ask Brian* – faoi rogha gairmeacha le Gaeilge.
   - Alt dar dáta an 22 MF 2023 ar Tuairisc.ie maidir le tosaíochtaí na nAirí do théarma nua na Dála, lena n-áirítear foilsiú an Phlean Náisiúnta um Sheirbhísí Poiblí Gaeilge i lár 2024, agus Caighdeáin Teanga a fhoilsiú d'earnálacha áirithe;
   - Alt dar dáta an 27 MF 2023 ar an Irish Independent maidir le haonad aistriúcháin a bhunú arís do riachtanais an Stáit chun fógraíocht ar ardchaighdeán a dhéanamh i nGaeilge, dar le hÉamon Ó Cuív;
   - Alt dar dáta an 29 MF 2023 ar Tuairisc.ie ag maíomh nach raibh sé i gceist ag an Roinn an tuarascáil taighde atá ar bun ag Ollscoil na Gaillimhe don Phlean Náisiúnta a fhoilsiú;

- Luadh go raibh cinneadh tógtha ó shin ag an Roinn an tuarascáil úd á fhoilsiú uair is a bheidh sí faofa ag an Aire.

7. **Dáta don Chéad Chruinniú Eile**:
   - Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste ar siúl Dé hAoine, an 27 Deireadh Fómhair 2023, i bhfoirgneamh Fhoras na Gaeilge 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

8. **Aon Ghnó Eile**:
   - Luadh go bhfuiltear ag forbairt scéim nua TEG do múinteoirí scoile;
   - Luadh go bhfuil an cás gnó don fheachtas feasachta á fhaomhadh go hinmheánach agus go bhféadfadh sé gur san athbhliain a bheidh an feachtas á rolladh amach;
   - Moladh, i gcomhthéacs chearta teanga an phobail, gurbh fhiú cód cleachtais a chur ar fáil i dteannta na gcaighdeán teanga.



27 Deireadh Fómhair 2023

| | |
|---|---|
| Rúnaí | Dáta Faofa |